Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7149/25**

**FIN 312**
**INST 70**
**PE-L 13**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. V/DEC-01/T/25 laistigh de Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa – den bhuiséad ginearálta do 2025<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 7 Márta 2025, chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC -01/25, i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 49 den Rialachán Airgeadais[1].

2. Is é is cuspóir don togra seo EUR 520 000 (*Leithreasuithe sealadacha*) a aistriú ó Chaibidil 10 0 go Mír 1 2 0 0 (*Luach saothair agus liúntais*) agus EUR 280 000 a aistriú go Fo-mhír 1 4 0-06 (*Oibrithe ar conradh*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Dheonaigh an t-údarás buiséadach méid EUR 800 000 i mbuiséad 2025 chun an liúntas Tithíochta sealadach atá le híoc le catagóirí áirithe ball foirne a bhfuil cónaí orthu i Lucsamburg a chumhdach, agus é mar chuspóir aige costais arda mhaireachtála Lucsamburg a chúiteamh go páirteach. Cuireadh an méid isteach faoin teideal "forálacha" de roinn CIE den bhuiséad, d'fhonn é a aistriú chuig na línte buiséid faoi seach tar éis cinneadh inmheánach a ghlacadh.

An 19 Nollaig 2024, ghlac Ardrúnaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Cinneadh Uimh. 76-2024 lena mbunaítear Liúntas tithíochta do bhaill foirne áirithe atá ag fónamh i Lucsamburg, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. Tá an Cinneadh bunaithe ar an tsamhail choiteann a comhaontaíodh idir na hinstitiúidí rannpháirteacha uile.

Chun a bheith in ann a hoibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, iarrann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go n-aistreofaí leithreasuithe chun an Mhír agus an Fhomhír thuas a threisiú.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Márta 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

– an t-aistriú leithreasuithe atá beartaithe;

– an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. V/DEC-01/T/25 laistigh de Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).